3 Scéal Nuachta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thrí scéal ghearra nuachta. Sula bhféachann tú ar an tuairisc áfach, an féidir leat na focail a cheangal le chéile?

1. was sentenced …	a. cloigeann
2. false documents	b. ceannródaithe
3. feud / dispute	c. gearradh…ar
4. forged	d. gaschealla
5. fraudulently	e. scrúdú iarbháis
6. head	f. cáipéisí bréagacha
7. injury	g. gortú
8. pioneers	h. dallamullóg a chur ar
9. post-mortem exam	i. achrann
10. stem cells	j. go calaoiseach
11. to hoodwink	k. brionnaithe

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11

Ceist 2 Tabhair buille faoi thuairim cé acu de na ceannteidil thíos a mbaineann na focail ó cheist 1 leo. Ná féach ar an tuairisc go fóill!

Scéal 1 – Bás fir
Scéal 2 – Iardhlíodóir calaoiseach
Scéal 3 – Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Cad a bhí ag an duine in aice leat?
Anois féach ar an tuairisc le fáil amach an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís. An bhfuil na habairtí seo fíor nó bréagach?

Scéal 1 – Bás fir
- Maraíodh an fear de bharr troda.
- Bhí an fear sé bliana is tríocha d'aois.

Scéal 2 – Iardhlíodóir calaoiseach
- Gearradh tréimhse príosúin trí bliana ar an iardhlíodóir as airgead a fháil ar iasacht go calaoiseach.
- Bhí na hinstitiúidí airgeadais ag iarraidh teacht i dtír uirthi.
- Tá muinín ag daoine aisti mar dhlíodóir i gcónaí.

Scéal 3 – Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
- Ní hé seo an chéad áis in Éirinn chun gaschealla a shaothrú.
- Dul chun cinn mór é seo i dtaighde an leighis.

Ceist 4 An aidiacht shealbhach

A. Líon na bearnaí:

mo chóta	m'aiste
do _____	d' _____
a _____ (fear)	a _____ (fear)
a _____ (bean)	a _____ (bean)
ár _____	ár _____
bhur _____	bhur _____
a _____	a _____

B. Féach ar an mír arís agus breac síos aon sampla den aidiacht shealbhach a chloiseann tú.

Ceist 5 '…corp **an fhir**…'

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail atá i gcló dubh thuas?

Féach ar na samplaí eile seo:
uafás an bháis
le linn an achrainn
cinneadh an bhreithimh

Déan na cinn seo anois.

míonna (an Geimhreadh):	_____
doirse (an gluaisteán):	_____
méid (an bord):	_____
dath (an páipéar):	_____
cumhacht (an creideamh):	_____
teocht (an cupán):	_____
leithead (an bóthar):	_____
áilleacht (an pictiúr):	_____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. An bhfuil an ráta coireachta ag dul i méid in Éirinn, dar leat? Cén fáth?
2. An gceapann tú go mbíonn obair ionraic ar siúl sna hinstitiúidí airgeadais i gcónaí?
3. Cad atá ar eolas agat faoi thaighde gaschealla?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
c	f	i	k	j	a	g	b	e	d	h

Ceist 2

Scéal 1 – Bás fir Scrúdú iarbháis gortú cloigeann achrann
Scéal 2 – Iardhlíodóir calaoiseach gearradh … ar cáipéisí bréagacha brionnaithe go calaoiseach dallamullóg a chur ar
Scéal 3 – Ollscoil na hÉireann, Gaillimh Gaschealla ceannródaithe

Ceist 3
Maraíodh an fear de bharr troda. ***Bréagach***
Bhí an fear sé bliana is tríocha d'aois. ***Fíor***
Gearradh tréimhse príosúin trí bliana ar an iardhlíodóir as airgead a fháil ar iasacht go calaoiseach. ***Fíor***
Bhí na hinstitiúidí airgeadais ag iarraidh teacht i dtír uirthi. ***Bréagach***
Tá muinín ag daoine aisti mar dhlíodóir i gcónaí. ***Bréagach***
Ní hé seo an chéad áis in Éirinn chun gaschealla a shaothrú. ***Bréagach***
Dul chun cinn mór é seo i dtaighde an leighis. ***Fíor***

Ceist 4
A.

mo chóta	m'aiste
do *chóta*	*d'aiste*
a *chóta* (fear)	a *aiste* (fear)
a *cóta* (bean)	a *haiste* (bean)
ár *gcótaí*	ár *n-aistí*
bhur *gcótaí*	bhur *n-aistí*
a *gcótaí*	a *n-aistí*

B. 'ag leanúint lena bhfiosruithe' / 'ina gceannródaithe'

Ceist 5
An tuiseal ginideach (firinscneach)

míonna (an Geimhreadh):	*míonna an Gheimhridh*
doirse (an gluaisteán):	*doirse an ghluaisteáin*
méid (an bord):	*méid an bhoird*
dath (an páipéar):	*dath an pháipéir*
cumhacht (an creideamh):	*cumhacht an chreidimh*
teocht (an cupán):	*teocht an chupáin*
leithead (an bóthar):	*leithead an bhóthair*
áilleacht (an pictiúr):	*áilleacht an phictiúir*

Ceist 6
Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Máire T. Ní Mhadaoin

Scéal 1

Tá Gardaí ag leanúint lena bhfiosruithe ar maidin maidir le bás fir sa Longfort. Léirigh scrúdú iarbháis gur bhásaigh an fear de bharr gortú a fuair sé sa gcloigeann nuair a thit sé. Deir na Gardaí go bhfuil siad fós ag iarraidh a fháil amach ar gortaíodh é le linn achrainn a tharla ar an mbaile níos luaithe sa lá. Fritheadh[1] corp an fhir, a bhí sé bliana déag is fiche, in árasán ar an mbaile maidin inné. Creidtear gurb as an bPolainn ó dhúchas dó.

Scéal 2

Gearradh tréimhse príosúin trí bliana ar iardhlíodóir mar go bhfuair sí naoi gcéad míle euro ar iasacht, trí leas a bhaint as cáipéisí bréagacha agus brionnaithe. D'admhaigh Mary Miley, caoga sé bliain d'aois, as Bré (Chualann), i gContae Chill Mhantáin, go bhfuair sí ceithre iasacht go calaoiseach idir 2005 agus 2007. Dúirt an breitheamh, Leonie Reynolds, go raibh tréimhse fhada caite ag Mary Miley ag iarraidh dallamullóg a chur ar institiúidí airgeadais. Dúirt sí go raibh an mhuinín a bheadh ag daoine aisti mar dhlíodóir sáraithe ar an mbealach is measa aici.

Scéal 3

In Ollscoil na hÉireann, Gaillimh inniu, osclaíodh an chéad áis in Éirinn a thairgfidh gaschealla a ghabhfaidh chun leasa an duine. Deirtear gur dul chun cinn mór é seo i gcúrsaí leighis agus tá súil ag an ollscoil go mbeidh siad ina gceannródaithe san earnáil seo.

[1] *Fuarthas* atá sa chaighdeán oifigiúil